

Ábhar

Cur chuige an scríbhneora

Téacs Físe

Nuala Ní Dhomhnaill, file, ag labhairt faoina cur chuige féin mar scríbhneoir.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



Nuala Ní Dhomhnaill: A Cur Chuige Mar Scríbhneoir

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír fise ina bhfuil Nuala Ní Dhomhnaill, file, ag caint faoina cur chuige mar scríbhneoir. Sula bhféachfaidh tú ar an mír déan an réamhobair thíos.

Plé

- Cén cur chuige a bhíonn agatsa agus tú ag scríobh? Pléigh tábhacht na nithe thíos le do pháirtí agus pléigh iad i gcomhthéacs na scríbhneoireachta a dhéanann tú féin.

gontacht
cruinneas
líofacht
soiléireacht
smaoineamh ar na léitheoirí
pleanáil
tuairimí

- Cén cur chuige a bhíonn agat agus tú ag scríobh (i) aiste; (ii) léirmheas; (iii) achoimre; (iv) nótaí léachta. Cé acu is deacra / is éasca? Cén fáth?
- Pléigh an ráiteas seo: ‘Is cuma faoi chruinneas nuair atá tú ag scríobh. An príomhrud ná do chuid tuairimí a chur in iúl’.
- Cén cineál scríbhneoireachta a thaitníonn leat? Ríomhphoist? Blaganna? Dialanna? Aistí? An dóigh leat go bhfuil stíl faoi leith agat agus tú ag scríobh? Cén cineál stíle a thaitníonn leat i scríbhneoireacht daoine eile?
- Tagraíonn Nuala sa mhír seo do thragóid a tharla i mBeslan san Oséit Thuaidh sa Rúis. An bhfuil aon eolas agat faoin eachtra atá i gceist aici? Luann sí freisin ‘An Iliad’ agus ‘Achilles’. Cad iad nó cé hiad?

Tascanna

- Scríobh tuairisc ghearr ar na deacrachtaí is mó a bhíonn agat ag scríobh na Gaeilge (smaoinigh ar na nótaí léachta, aistí, obair bhaile do na ranganna teagaisc). Ansin pléigh le duine eile conas dul i ngleic leis na deacrachtaí sin.

- Scríobh cuntas gearr ar scríbhneoir éigin a dtaitníonn a ‘stíl’ leat (ní gá gur scríbhneoir Gaeilge a bheadh i gceist). Déan iarracht cur síos a dhéanamh ar an stíl a mbaineann sé/sí úsáid aisti.
- Léigh an sliocht seo as an leabhar *Ar an Taifead: fíis, fuaim, focal* le Breandán Delap. Labhraíonn sé faoi a dheacra atá sé ‘eagar a chur ar smaointe agus iad a chur in iúl go gonta’. An aontaíonn tú leis seo? An mbíonn deacrachtaí agat cloí le teorainn focal in aistí agus in obair eile do do chúrsa? An bhfuil aon straitéisí agat chun dul i ngleic leis seo?

Ina chuimhní cinn, *Memoir*, déanann John McGahern tagairt don fhear a dúirt: ‘Sorry about the long letter, I didn’t have time to write you a short one.’ Ar an dóigh chéanna nuair a fiafraíodh d’iar-Uachtarán Mheiriceá, Woodrow Wilson, cé chomh fada is a ghlac sé air óráid a scríobh d’fhreagair sé: *That depends. If I’m to speak for ten minutes, I need a week for preparation. If fifteen minutes, three days. If half an hour, two days. If an hour, I’m ready now.* Is dócha go raibh a theanga ina leathphluic aige nuair a thug sé an méid sin le fios ach léirigh sé pointe maith faoina thábhachtaí is a dheacra atá sé eagar a chur ar smaointe agus iad a chur in iúl go gonta.

Éisteacht

Anois féach ar an mír agus freagair na ceisteanna seo:

- Cad a deir Nuala faoi na rudaí seo a leanas: (i) Beslan; (ii) an dán ‘Ceist na Teangan’; (iii) Caitlín Maude.
- Cén fáth a luann sí muisiriúin nó púcaí peill?

Feasacht Teanga

- Féach na focail agus na frásaí thíos a luann Nuala sa mhír. An bhféadfá iad a úsáid tú féin?

dul i bhfeidhm orm
bím faoi dhraíocht aige
bailíonn brobh beart
cearc ar gor
dua

- Baineann Nuala úsáid as an bhfocal *gestalt* chun cur síos ar an tslí inar tháinig an dán ‘Ceist na Teangan’ chuici. Is minic a fheictear focail iasachta i gcúrsaí litríochta agus léirmheastóireachta. An dtuigeann tú na

cinn seo thíos? Mura dtuigeann, cuardaigh a mbrí agus smaoinigh ar chomhthéacs ina bhféadfá iad a úsáid i do chúrsaí litríochta féin.

avant garde
burlesque
denouement
doppelgänger
dramatis personae
leitmotiv
mise en scene
weltanschauung
zeitgeist
double entendre
raison d'être

- ‘Do léas leabhar’: Cén tréith canúna / gramadaí atá sa fhrása seo?
- ‘bhí sé go léir istigh ionam...’

Cén mhír den ghramadach atá i gceist le ‘ionam’? Pléigh agus cuir an dá abairt thíos sna pearsana eile.

níl sé ionam tabhairt faoin aiste
an bhfuil an aiste curtha díot agat?

Anois féach ar na frásaí thíos – an féidir leat míniú a thabhairt ar an difear idir na cinn sa cholún ar dheis agus sa cholún ar chlé?

| | |
|--------------------|--------------------|
| ag cur aisti | ag cur as di |
| ag tabhairt fúithi | ag cur fúithi |
| shiúil sí thairis | sin scéal thairis |
| scaoil faoi | scaoil leis |
| dírigh air (Seán) | dírigh ar an aiste |

Iarobair

Plé

- ‘do léas leabhar aréir mar gheall air sin’: An léann tusa leabhar go tapa nó an dtógann sé am ort? Cén cur chuige a bhíonn agat agus tú ag léamh na leabhar atá ar do chúrsa? An bhfuil difear idir an tslí a léann tú na nithe seo a leanas:

úrscéalta
filíocht
leabhair chritice faoi údair a bhfuil tú ag déanamh staidéir orthu
do chuid aistí féin

ceartúcháin

Tascanna

- An bhfuil aon rud a léigh tú nó a chonaic tú ar an teilifís le déanaí a chuaigh i bhfeidhm ort? Pléigh agus scríobh ceann de na saothair seo faoin rud a chuaigh i bhfeidhm ort: (i) cur síos pearsanta; (ii) dán; (iii) alt a bheadh oiriúnach d'iris na mac léinn.
- Féach ar an ngearrscannán ina bhfuil Nuala ag aithris an dáin 'Athair'. Scríobh léirmheas faoin ngearrscannán agus luaigh an pobal léitheoirí ar a bhfuil do léirmheas dírithe. Tá an gearrscannán le fáil ag an nasc seo a leanas: <http://www.feenish.com/our-work/nead-an-dreoilin/>

Téipscript

Cén cur chuige a bhíonn agat féin nuair a bhíonn tú ag scríobh, a Nuala?

Bhuel, ar dtús caitheann rud éigin dul i bhfeidhm orm agus ana-mhínic is rud éigin a léim nó rud éigin a chím i nuachtán nó ar an dteilifís nó rud éigin a deireann duine éigin liom, scéal éigin. Agus bíonn sé ag dó na geirbe ionam agus bím faoi dhraíocht aige, bím ag iarraidh a dhéanamh amach ‘tá rud éigin anseo’. Nuair a thuigim é sin, go bhfuilim faoi dhraíocht aige, ciallaíonn sé sin go bhfuil greim aige ar an bhfochoinsias in áit éigin. Anois nuair a tharlaíonn sé sin, ansan déanaim taighde – agus déanaim roinnt mhaith taighde. Mar shampla faoi láthair, bhuel, amach anseo, táim ag obair ar rud éigin a bheidh bunaithe ar an *Iliad* ach is iad na rudaí a dhein na sceimhlitheoirí lenár linn a bheidh ann in ionad Achilles.

Agus bhíos ag léamh leabhair inné mar gheall ar an marú a deineadh i mBeslan in Ossetia Thuaidh tá ceithre...bhuel 2004 a tharla sé, rud uafásach. An chéad lá go gcuaigh na leanaí thar n-ais ar scoil agus choimeád na daoine 1,300 duine istigh go ceann 3 lá agus fuair...ansin tháinig na Rúisigh agus chaitheadar piléir agus rudaí mar sin agus maraíodh os cionn trí chéad duine. Do léas leabhar aréir mar gheall air sin. Anois tá a fhios agam go bhfuil...tá a fhios agam cá mbeidh sé sin sa dán fada a dhéanfaidh mé – b’fhéidir i gceann seacht mbliana. Ach cheana féin táim ag bailiú stuif chuige – ‘ó cuirfidh mé é sin anois, cuirfidh mé an leabhar san ar sheilf speisialta’. Tá a fhios agam an áit san *Iliad* go bhfuil sé oiriúnach dó. *So* bíonn sé go léir oibríthe amach ar leibhéal éigin. Agus rudaí eile ansan tagann siad uathu féin. An dán sin ‘Ceist na Teangan’ tháinig an dán go léir in aon nóiméad amháin – *gestalt* ab ea é – agus *you know*, ba é an dua is mó a bhí orm ná coimeád suas leis tapaidh sara mbeadh sé imithe orm. Ach de ghnáth, tagann smaoineamh agus tagann rithimí, meadarachtaí áirithe, agus ansan de réir a chéile bailíonn brobh beart, *you know*, bailíonn sé stuif timpeall air.

Is ag an bpointe san, tar éis dom a thuiscint go bhfuil draíocht áirithe san ábhar seo agus go mbeadh dán istigh ann áit éigin a théim ag taighde. Agus ansan, fágaim ansan é. Uaireanta tar éis an taighde go léir ní thagann faic as. Is cuimhin liomsa tar éis bhás Chaitlín Maude gur dheineas taighde ar...*just* bhí rud a chuaigh sa cheann orm mar gheall ar an slí a tháinig...a chuaigh...an ailse i bhfeidhm uirthi agus theastaigh uaim rud éigin a dhéanamh, scríobh mar gheall ar mhuisiriúin is rudaí mar sin, go bhfuil siad ag tógaint greim ar an saol ar fad agus go mbeimid go léir, *you know*, faoi thalamh agus go mbeimid go léir inár muisiriúin lá éigin ach ní fhéadainn ó thalamh Dé *just* greim a fháil air. Agus 25 bliain ina dhiaidh san bhíos ag siúl ar an dtráigh agus fuaireas an chéad líne. Ach bhí mo thaighde déanta agam – mar shampla na hainmneacha go léir i nGaolainn mar gheall ar na púcaí peill difriúla. Bhí sé go léir déanta agam, bhí sé go léir díleáite agam, bhí sé go léir istigh ionam agus nuair a tháinig sé chuige, *you know*, bhíos ag siúl ar an dtráigh agus fuaireas an chéad líne – ‘ó sin é é!’ Agus ansin leanas orm agus bhí cóip ghlan déanta agam faoin oíche.

So bíonn taighde i gceist agus bíonn struchtúr i gceist.

Yeah agus bíonn smaoineamh, ach ní smaoineamh anailíseach é – is sórt gor é mar a bheadh cearc ar gor – sin a bhíonn ar siúl.